Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Márta 2023**
**(OR. en)**

**6497/23**

**SOC 115**
**EMPL 74**
**EDUC 55**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna |

1. Tá deireadh a theacht le téarma oifige na gcomhaltaí agus na gcomhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) an 31 Márta 2023[1].

2. De bhun Airteagal 4(5) de Rialachán (AE) 2019/128[2], 4 bliana a bheidh i dtéarma oifige na gcomhaltaí agus na gcomhaltaí malartacha. Beidh an téarma sin in-athnuaite. Nuair a thiocfaidh deireadh lena dtréimhse oifige nó i gcás ina n-éireoidh siad as oifig, fanfaidh comhaltaí agus comhaltaí malartacha in oifig go dtí go ndéanfar a gceapacháin a athnuachan nó go gcuirfear comhaltaí nua ina n-ionad.

[1] Cinneadh ón gComhairle an 9 Aibreán 2019 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) (IO C 136, 12.4.2019, lch. 6.)

[2] Rialachán (AE) Uimh. 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) agus lena n- aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 337/75 ón gComhairle (IO L 30, 31.1.2019, lch. 90)

3. De bhun Airteagal 4(1) agus Airteagal 4(5) de Rialachán (AE) 2019/128, is í an Chomhairle a cheapann na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha den Bhord Bainistíochta a dhéanann ionadaíocht ar rialtais, ar eagraíochtaí fostaithe agus ar eagraíochtaí fostóirí na mBallstát ar feadh tréimhse 4 bliana.

4. Tá tograí faighte ag Rúnaíocht na Comhairle maidir le comhaltaí agus comhaltaí malartacha a cheapadh ó rialtais, ó eagraíochtaí fostaithe agus ó eagraíochtaí fostóirí na mBallstát. Bunaithe ar na tograí sin, ullmhaíodh dréacht le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna mar a leagtar amach in 6496/23 é[3].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, mar sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

   (a) an Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna , a ghlacadh mar mhír ‘A’, agus

   (b) a chinneadh go bhfoilseofar an Cinneadh mar fhaisnéis in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

---

[3] Bailchríoch curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga.